PÁBHÁIL AOLCHLOICHE

Gné fhíorthábhachtach de thírdhreach na hÉireann is ea an phábháil aolchloiche toisc gur gnáthóg an-saibhir í do bhláthanna fiáine, raithneach agus phlandaí coille. Is éard atá sa phábháil seo ná lomáin aolchloiche a ndearna an bháisteach tuaslagadh ar an dromchla thar na milliún bliain is a ndearna bloic phábhála díobh. Is annamh gnáthóga mar iad ar domhan agus táthar á lot trí charraigeacha a bhreith chun siúil lena ndíol chun gairdíní carraige nó gnéithe uisce a dhéanamh, agus is minic a mhilltear iad trí dhrochbhainistiú na talún.

Is in Éirinn atá an chuid is suntasaí de phábháil aolchloiche an Aontais Eorpaigh le fáil - 36,000 heicteár di. Tá an chuid is mó i gCo. na Gaillimhe agus i gCo. an Chláir agus is ann atá an Bhoirinn, focal a chiallaíonn áit lom chlochach. Is í an Bhoirinn an t-ionad aolchloiche is fairsinge agus is cáiliúla in Éirinn.

Is é dúchas aolchloiche í a bheith scoilte agus éisc a bheith inti. Rinne an bháisteach tuaslagadh ar an aolchloch sna scoilteanna sa chaoi go ndearna sí scoilteanna doimhne díobh a dtugtar gríoga orthu, a fhágann 'bloic phábhála' ar a dtugtar clinteanna ina seasamh eatarthu.

D'ainneoin an dealramh aimrid atá uirthi bíonn an chuimse fána agus flóra ar phábháil aolchloiche. Cothaíonn an chloch aoil seo réimse leathan féar agus plandaí coille agus tá cáil ar an mBoirinn ar fud an domhain toisc an mheascáin uathúil de phlandaí fiáine atá ann. Fuarthas breis agus 700 cineál éagsúla bláthanna agus raithneach anseo, rud is ionann agus 75% de fhlóra dúchasach na hÉireann.

Tá speicis alpacha artacha ar nós féasóg na lao faoi bhláth sa Bhoirinn ón oighearaois. De réir mar a tharla athruithe ar an aeráid le 15,000 bliain anuas tháinig speicis na Meánmhara ar bhreá leo an teas - ar nós an dúchosach agus an magairlín glas - ina gcónaí taobh le taobh leis na ceannródaithe a tháinig i bhfad rompu.

Is gnáthóg thábhachtach í an phábháil aolchloiche ag ainmhithe agus éin ar nós an ghiorria, an fhuiseog agus an dreoilín. Bíonn réimse leathan féileacán agus leamhan le fáil ar an mBoirinn ar nós an fhritileáin phéarlaigh atá faoi bhagairt agus Calamia Trideus, leamhan atá le fáil go flúirseach sa Bhoirinn ach nach bhfuil le fáil aon áit eile in Éirinn.

Toisc go mbíonn an ithir gann agus gan ach beagán spáis ann do na fréamhacha, agus go mbíonn ainmhithe ag iníor ann, is iomaí crann agus tom ann atá beag, crannda agus cuma bonsaí orthu. Is féidir le toir agus crainn fréamhacha a chur síos san ithir tanaí sna gríoga mura mbíonn stoc ag iníor mórán san áit agus féadfaidh scrobarnach nó coillearnach fás ann. Fásann bratacha caonaigh go tiubh sna háiteanna sin ina mbíonn crainn choill ag fás agus cothaíonn sé seo ithreacha nua orgánacha.

BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

Acmhainn í an phábháil aolchloiche nach féidir a athnuachan. Má bhaintear í beidh sí caillte go deo. Tógadh aolchloch ar mhaithe le tógáil, tírdhreachtú agus garraíodóireacht sa RA agus in Éirinn. Is féidir damáiste a dhéanamh le páirceáil carranna, campáil, caitheamh bruscair agus forbairt bonneagair, plandaí tearca (a bhíonn i mbaol go minic) a phiocadh agus brú tráchta ag ionaid a bhfuil tarraingt an phobail orthu. Is rudaí iad seo a scriosann speicis agus gnáthóga leochaileacha.

Dá laghdófaí an méid inír a dhéanfaí thiocfadh fás ar fhéara garbha, thoim agus chrainn sa chaoi go bhféadfaí plandaí tearca a phlúchadh ceal solais. Dá mhéadófaí an méid inír d'fhéadfaí dochar a dhéanamh don talamh agus plandaí tearca a bhaint. Tá daoine ag éirí as an bhfeirmeoireacht ar fad in áiteanna áirithe agus tá scrobarnach agus coillearnach ag leathnú dá bharr. Nuair a úsáidtear leasaithe tacair, luibhicidí agus lotnaidicí ar an bpábháil aolchloiche tagann méadú ar phlandaí de speicis neamhfhabhracha agus laghdaítear an méid carraige atá fágtha lom agus éiríonn na speicis tearca níos teirce fós.

CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT

Is minic a úsáideann garraíodóirí tírdhreacha pábháil aolchloiche i ngairdíní. Níl sé seo riachtanach mar is iomaí rud ar féidir a úsáid ina háit; tá aolchloch ó chairéal domhain, scláta, eibhear, gaineamhchloch agus cloch athdhéanta lán chomh maith. Tá clocha roisíneacha ar fáil freisin a múnlaíodh chun go mbeidh cuma pábhála aolchloiche orthu. Rud níos fearr fós, féadfaidh tú do leagan malartach de phábháil aolchloiche a dhéanamh tú féin. Faigh amach faoi ag *http://www.limestone-pavements.org.uk/gardeners.html*.

Ná fág aon rud i do dhiaidh nuair a thugann tú cuairt ar limistéar pábhála aolchloiche. Fan ar na cosáin oifigiúla agus bí cúramach nach ndéanann tú aon damáiste, ná aon bhalla, cloch nó séadchomhartha a bhogadh. Ná tóg aon rud atá ag fás. Tá sé seo in aghaidh an dlí. Tóg grianghraif nó tarraing pictiúir.

TUILLEADH EOLAIS

- Caomhnú Pábhála Aolchloiche: *www.limestone-pavements.org.uk*
- Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann: *www.iwt.ie*
- An Chomhairle Oidhreachta: *www.heritagecouncil.ie*
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: *www.npws.ie*
- Burrenbeo (treoir fhíorúil ar an mBoirinn): *www.burrenbeo.comBoirinn*
- Páirc Náisiúnta na Boirne: *www.burrennationalpark.ie*
- Burren LIFE (feirmeoireacht ar son caomhnaithe): *www.burrenlife.com*